obj NO
14

An tIond Buail Isteach
f/ch Tadhg Ó Cruadhlaoich
Breachnach
Rath Iomgháin, Co. Chill Dara

17 Feabhra, 2006

Environmental Protection
Agency
IPC Licensing
Received 21 FEB 2007
Initials

An Stiúrthóir
Rannóg na gCeadúnas
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
Bosca O. P. 3000
Eástát Chaisleán Johnstown
Co. Loch Garman

Re: Breith molta do Cheadúnas um Chosc agus Rialú Comhtháite ar Thruailliú do Shell E & P Ireland (Uimh. PO738-01)

A Chara,

Ó thaobh bunús chultúrtha, sóisialta, comhshaoil agus forbairt eacnamaíochta inmharthana, tá dualgas ar an tIonad Buail Isteach an aighneacht seo a chur chun cinn agus tá €126 iniata mar íocaíocht díobh.

Consent of copyright owner required for any other use.
For inspection purposes only.

Ba mhaith linn, ar an gcéad dul síos, cóip sa teanga Gaeilge de Thuairisc an Chigire agus cóip i nGaeilge den Cheadúnas Sealadach a bhaineann le Béal an Átha Buí, Co. Mhaigh Eo a lorg uaibh. Beidh muid buíoch astu ar bhur luath-chaoithiúlacht.

Tá an fhorbairt seo faoi réimeas Treoir Mheasúnú ar an Tionchar ar an gComhshaoil 85/337/AE, 97/11/AE agus Treoir na nGnáthóg 92/43/AE, leasaithe.

Faoi Roinn 3 de Acht na hEorpa 1972, cheap an tAire Comhshaoil na hÚdaráis Pleanála mar an t-údarás inniúil chun Teoir Mheasúnú ar an Tionchar ar an gComhshaoil 85/337/AE agus 97/11/AE a chur i bhfeidhm.

Níor chuir sé san áireamh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ná An Bord Pleanála, ná níor leasaigh sé Acht 1972 chun an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ná an Bord Pleanála a chur san áireamh chun Treoir Mheasúnú ar an Tionchar ar an gComhshaoil a chur i bhfeidhm. Dá réir sin, níl an chumhacht agaibhse, san Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, cinneadh a ghlacadh ar an moladh seo.

Ina theannta sin, tá aon chinneadh atá déanta ag an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil nó an Bord ón dáta deiridh do aistriú nó cur i bhfeidhm na treorach lochtach ó thaobh an dlí de, agus tá na tionscnaimh ar fad go dtí an dáta seo fágtha gan stádas nó cosaint dlíthiúil.

EPA Export 25-07-2013:21:13:46

Mar thoradh glan ar seo tá ceist thromchúiseach ann faoi dhlistineacht pholasaithe árachais dona leithéid de thionscnaimh, atá curtha i ngnímh chun dáta trí chinnidh déanta ag eagrais nach bhfuil ainmnithe mar lucht déanta cinnidh/údaráis inniúla, cosúil leis an Bord Pleanála nó An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

Mar gheall ar an éifeacht a bheidh ar an dtionsnamh seo ar Limistéir Caomhantais Speisialta éagsúla, is iad Coimisiún na hEorpa an t-údaráis bhunaidh, faoi Alt 6.4 de Treoir na nGnáthóg 92/43/AE, leasaithe.

**Ina theannta seo, fágfaidh aon chinneadh, seachas diúltú, an stát oscailte do éilimh ar dhamáistí ó dhaoine a bhfuil éifeacht ar na cinnidh seo orthu, agus féadfar éilimh a dhéanamh ar dhamáistí ón stát faoi easpa chomhlíonadh na dtreoracha éagsúla.**

Ina dhiaidh seo, táimid ag seoladh cóip den aighneacht seo mar bhunús de ghearán dlisteanach in aghaidh údaráis na hÉireann, chuig Coimisiún na hEorpa, chun scrúdú maidir le neamh-chomhlíonadh nó comhlíonadh mícheart ar Threoir Mheasúnú ar an Tionchar ar an gComhshaoil, agus an bhagairt a leanann sin do stádas na Limistéir Caomhantais Speisialta bainteach leis an dtionscnamh seo ag Béal an Átha Buí, Co. Mhaigh Eo.

For inspection purposes only. Consent of copyright owner required for any other use.

Is mise,

Tadhg Ó Cruadhlaoich
ar son
Ionad Buail Isteach na Gaeilge
(www.ionad.org)

cc Coimisiún na hEorpa, rue le da Loi 2000, B-1048, An Bhruiséal

EPA Export 25-07-2013:21:13:46